

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 110



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

8 Aibreán 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/580 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin 3

CINNÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/ CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin 55

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/580 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ⁽²⁾ a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.
- (2) An 8 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/582 ⁽³⁾ lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES, lenar tugadh isteach roghanna breise maolaithe ón reo sócmhainní agus an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus eintitis ainmnithe.
- (3) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfeair i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin.
- (5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart dó teacht i bhfeidhm a luaithe a fhoilseofar é,

⁽¹⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

⁽²⁾ Rialachán ón gComhairle (AE) Uimh. 269/2014 an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas nó go bhfuil siad le híoc ó chuntas ar le misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí aici i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas nó go bhfuil siad le híoc ó chuntas atá i seilbh misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí aici i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta, an phoist chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6b:

“Airteagal 6b

1. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údarais inniúla Ballstáit a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a bhaineann leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 53, 54 agus 55 faoi cheannteideal ‘B. Eintitis’ in Iarscríbhinn I, nó go gcuirfí ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdarais inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin chun foirceannadh a dhéanamh faoin 24 Lúnasa 2022, ar oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidrimh bhaincéireachta chomhfhreagracha, a tugadh i gcrích leis na heintitis sin roimh an 23 Feabhra 2022.

2. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údarais inniúla Ballstáit a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a bhaineann leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 79, 80, 81 agus 82 in Iarscríbhinn I, nó go gcuirfí ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdarais inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin chun foirceannadh a dhéanamh faoin 9 Deireadh Fómhair 2022, ar oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidrimh bhaincéireachta chomhfhreagracha, a tugadh i gcrích leis na heintitis sin roimh an 8 Aibreán 2022.

3. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údarais inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, a údarú go scaoilfí cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe, nó go gcuirfí ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha chun go ndíolfar agus go n-aistreofar faoin 9 Deireadh Fómhair 2022 cearta dílseánaigh i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas i gcás ina bhfuil na cearta dílseánaigh sin faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I; agus,

(b) go bhfanann na fáiltais ó dhíol nó aistriú den sórt sin reoite.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/581 ÓN gCOMHAIRLE
an 8 Aibreán 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.
- (3) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.
- (4) Sna conclúidí uathí an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go géar an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag an Rúis, agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Tháinig an Chomhairle Eorpach, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe de chuid an Aontais, ar chomhaontú maidir le bearta sriantacha breise a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha i gceist leo maidir leis an Rúis de bharr an ngníomhaíochtaí atá déanta aici.
- (5) An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/329 ⁽²⁾ inar leasaíodh na critéir ainmniúcháin le go n-áireofaí daoine agus eintitis a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn den Rialtas sin, daoine agus eintitis a thugann foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le daoine nó eintitis liostaithe.
- (6) Sna conclúidí uathí an 24 Márta 2022, luaigh an Chomhairle Eorpach gur sárú fíochmhar ar an dlí idirnáisiúnta é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus líon ollmhór sibhialtach á ghortú agus á mharú mar thoradh air, agus go bhfuil an tAontas réidh i gcónaí chun aon lúb ar lár a dhúnadh agus díriú ar aon teacht timpeall atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh agus smachtbhannaí láidre breise a chur gan mhoill ar an Rúis agus ar an mBealarúis chun cumas na Rúise leanúint den fhogha a chur ó mhaith.
- (7) I bhfianaise a thromchúisí atá cúrsaí, measann an Chomhairle gurb íomchuí bearta sriantacha a fhorchur ar phríomhdhaoine gnó atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ar dhaoine a thugann tacaíocht do Rialtas Chónaidhm na Rúise nó a thairbhíonn as an Rialtas sin agus ar dhaoine nádúrtha a bhfuil baint acu leis na daoine sin, lena n-áirítear baill teaghlaigh a bhaineann tairbhe mhíchúí astu.
- (8) Measann an Chomhairle freisin gur cheart na hAirí agus comhaltaí de 'People's Council' an 'Donetsk People's Republic' agus an 'Luhansk People's Republic', mar a thugtar orthu, a bheith faoi réir bearta sriantacha.

⁽¹⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 50, 25.2.2022, lch. 1).

- (9) Ina theannta sin, measann an Chomhairle gur cheart cuideachtaí a thugann tacaíocht, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn as an Rialtas sin, agus a thugann tacaíocht, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a bheith faoi réir bearta sriantacha freisin.
- (10) Mar thoradh air sin, ba cheart 216 dhuine aonair agus 18 n-eintiteas a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-Y. LE DRIAN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
894.	Alexey Yevgenevich FILATOV (Алексей Евгеньевич ФИЛАТОВ)	Dáta breithe: 12.2.1983 Feidhm: Ceann ar Russian Presidential Administration's Directorate of Cross-Border Cooperation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexey Filatov Ceann Russian Presidential Administration's Directorate of Cross-Border Cooperation. Is oifigeach ardcéime de chuid na Creimile é atá freagrach as beartas foghach na Creimile a chomhordú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tionchair urchóidigh, i leith na hÚcráine agus réigiúin Donetsk agus Luhansk atá faoi fhorghabháil. Ina cháil mar Cheann ar Stiúrthóireacht Riaracháin Uachtaránachta na Rúise um Chomhar Trasteorann, tá baint dhíreach ag Filatov le forbairt agus cur chun feidhme an bheartais atá faoi stiúir na Creimile maidir le Donetsk agus Luhansk a scaradh ón Úcráin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
895.	Igor Venediktovich MASLOV (Игорь Венедиктович МАСЛОВ)	Dáta breithe: 18.10.1960 Áit bhreithe: St. Petersburg, Russian Federation Feidhm: Oifigeach den Russian Presidential Administration le Russian Foreign Intelligence Service's (SVR) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is oifigeach fadtéarmach leis an Russian Presidential Administration é Igor Maslov agus cúlra aige ag obair leis an Russian Foreign Intelligence Service (SVR), atá freagrach as beartas agus gníomhaíochtaí treascraha na Creimile i gcoinne 'i ngar thar lear' na Rúise (críocha iar-Shóivéadacha), mar a ghairtear de. Deirtear go gcuireann sé comhairle a chur ar an Uachtarán Putin maidir leis an Úcráin, an Mholdóiv agus an Ossetia Theas agus áirítear é ar ghrúpa daoine a chuireann comhairle ar Putin maidir leis an Úcráin. Ina cháil mar Cheann ar Russian Presidential Administration's Directorate of Interregional and Cultural Ties with Foreign Countries, thréaslaigh Maslov le daoine ó Fhórsaí Oibríochtaí Speisialta (SPO) na hAireachta Cosanta, a raibh ról lárnach acu in ionghabháil neamhdhleathach Leithinis na Crimé. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
896.	Viatcheslav Moshe KANTOR (Вячеслав Моше Кантор)	Dáta breithe: 8.9.1953 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation	Olagarc Rúiseach is ea Viatcheslav Moshe Kantor agus is scairshealbhóir mór é den Acron Group, a liostaítear go poiblí, ar ceann de na táirgeoirí leasacháin is mó sa Rúis é. Tá dlúthcheangal aige leis an Uachtarán Vladimir Putin. A bhui leis an gceangal sin le hUachtarán na Rúise bhí sé in ann a mhaoin nach beag a choimeád. Is iomaí uair a dhearbhaigh sé go poiblí a thacaíocht d'Uachtarán Putin chomh maith lena chairdeas leis, agus tá dea-chaidreamh leis an gCreimil.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
	(ar a dtugtar freisin Viatcheslav Vladimirovich KANTOR) (ar a dtugtar freisin Вячеслав Владимирович Кантор)	Feidhm: Scairshealbhóir mór den Acron Group, a thrádáiltear go poiblí, ar ceann de na táirgeoirí leasacháin is mó sa Rúis é Náisiúntacht: Rúiseach, Iosraelach agus Briotanach Inscne: fireann	Dá bhí sin, thairbhig sé de chinnteoirí Rúiseacha a bhí freagrach as an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine. Tá sé ar dhuine de phríomhdhaoine gnó Rúiseacha chomh maith a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
897.	Aleksei Viktorovich PIMANOV (Алексей Викторович ПИМАНОВ) (ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich PIMANOV; Alexei PIMANOV; Aleksey PIMANOV)	Dáta breithe: 9.2.1962 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Managing Organisation 'Creative Association Red Star'; Ceann an Krasnaya Zvezda media holding, ar le hAireacht Chosanta na Rúise é Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bolscaire is ea Aleksei Pimanov agus tá sé ina Cheann ar Krasnaya Zvezda media holding, ar le hAireacht Chosanta na Rúise é D'iarr an tAire Cosanta, Sergey Shoigu, go pearsanta ar Pimanov a bheith ina Cheann ar Krasnaya Zvezda. Bunaíodh an eagraíocht meán le foraihne Aire Cosanta na Rúise agus rialaíonn sé an cainéal feidearálach teilifíse Zvezda. Ar an dul céanna le cainéil eile na meán atá faoi rialú na Creimile, scaipeann Zvezda bréagaisnéis go rialta maidir leis an bhfogha mhíleata gan chúis a thugann an Rúis faoin Úcráin faoi láthair agus baineann sé an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus cuireann sí tacaíocht rithábhachtach na meán ar fáil d'fhogha foréigneach na Rúise. Ina cháil mar chomhalta de chomhairle na meán de Chumann Geografach na Rúise, tá dlúththeagmhálacha ag Pimanov le hoifigigh shinsearach de chuid na Creimile amhail Alexey Gromov, Dmitry Peskov agus Sergey Shoigu. In 2017, rinne Pimanov an scannán bolscaireachta 'Crimea' a stiúradh agus a léiriú, ina gcosnaítear agus a mholtar an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé. Tá sé freagrach, dá bhí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
898.	Igor Yurievich KOROTCHENKO (Игорь Юрьевич КОРОТЧЕНКО)	Dáta breithe: 15.2.1960 Áit bhreithe: Riga, Latvia Feidhm: Cathaoirleach an Public Council faoi Ministry of Defence of the Russian Federation Eagarthóir ceannais an National Defence magazine; Stiúrthóir an Centre for Analysis of the World Arms Trade; Saineolaí míleata; Grád míleata – Coirnéal Cúltaca.	Is minic a ghlacann Igor Korotchenko, Cathaoirleach an Public Council faoi Ministry of Defence of the Russian Federation, páirt i bpríomhchláir teilifíse bolscaireachta na Rúise mar shaineolaí cúrsaí cosanta agus beartais eachtraigh. Tá cáil ar Igor Korotchenko as a ráitis fhoghacha dhímheasúla i gcoinne iomláine chríochach na hÚcráine agus griosáinn sé coimhlint mhíleata idir Cónaidhm na Rúise agus an tIarthar, lena n-áirítear an Úcráin. Ar a ardáin meán sóisialta nó ar a chlár teilifíse, iarrann sé go ndéanfaí an an Úcráin a 'dí-naitsiú' agus a dhímheasú agus go ndéanfaí an Úcráin a aontú leis an Rúis ('a haontas bráithreachais stairiúil'), á rá go bhfuil an Úcráin mar chuid de 'domhan na Rúise'.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Ar alt a foilsíodh an 24 Feabhra 2022, dúirt Igor Korotchenko gurb é cúram na Rúise san Úcráin an Úcráin a dhímhíleatú, agus míníonn sé go bhfuil an Úcráin ina bagairt dá daonra féin agus do Chónaidhm na Rúise, agus do limistéir Donetsk agus oblast Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi rialú an rialtais. Is é an cuspóir atá leis an oibríocht, de réir Igor Korotchenko, an fhéidearthacht ceannas lártaíthe agus smacht na dtrúpaí a bhaint d'fhórsaí armtha na hÚcráine, gréasán aerpháirc mhíleata na hÚcráine a dhíchumasú, chomh maith le poist aerchosanta agus diúracáin oibríochtúla a scríosadh.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	
899.	<p>Vladimir Nikolayevich SUNGORKIN</p> <p>(Владимир Николаевич СУНГОРКИН)</p>	<p>Dáta breithe: 16.6.1954</p> <p>Áit bhreithe: Khabarovsk, Russian Federation</p> <p>Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus eagarthóir ceannais Komsomolskaya Pravda; Comhalta de chomhairlí poiblí in Ministry of Defence of the Russian Federation, the Ministry of Emergency Situations of the Russian Federation, agus Ministry of Transport of the Russian Federation. In Council of the Government of the Russian Federation on the Mass Media, bíonn Sungorkin ag plé le saincheisteanna a bhaineann le duaiseanna rialtais a bhronnadh.</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Ard-Stiúrthóir agus Eagarthóir Ceannais Komsomolskaya Pravda is ea Vladimir Sungorkin. Tá sé ar dhuine de na príomhghníomhaithe i ngníomhaíochtaí ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach nó de na bolscairí a labhraíonn amach faoin Úcráin go minic, ag cruthú mífhaisnéise agus ag ionramháil fíricí.</p> <p>Tá bolscaireacht fhoghach frith-Úcráine agus frith-Iarthair de chuid réimeas Putin faoi údarás díreach na Creimile á scaipeadh agus á dlisteanú ag Vladimir Sungorkin i gceann de na cuideachtaí meán is mó a bhfuil tóir orthu sa Rúis. Rinne Uachtarán Putin cur síos freisin ar an nuachtán Komsomolskaya Pravda mar an nuachtán is fearr leis.</p> <p>Tá Vladimir Sungorkin freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	8.4.2022
900.	<p>Oleg Borisovich DOBRODEEV</p> <p>(Олег Борисович ДОБРОДЕЕВ)</p>	<p>Dáta breithe: 28.10.1959</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Feidhm: Ard-Stiúrthóir an All-Russian State Television and Radio Broadcasting Company (VGTRK)</p>	<p>Is é Oleg Dobrodeev Ard-Stiúrthóir na heagraíochta meán is mó atá faoi úinéireacht an stáit sa Rúis. Ghlac sé páirt ghníomhach i mbolscaireacht na Creimile trí fhaisnéis cham a chruithú agus a scaipeadh ar mhaithe le ceannaireacht pholaitiúil Chónaidhm na Rúise.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Oleg Dobrodeev an tionscnóir agus príomhchruthaitheoir an chainéil teilifíse stáit Rossiya-24 agus úinéir an chainéil teilifíse Russia -1. Is iad na bealaí sin na príomhbhealóga de bholscaireacht an stáit, a chomhlíonann go héifeachtach an cúram réimeas Putin a neartú agus bolscaireacht a chur ar fáil dá bheartais fhoghacha intíre agus eachtracha, lena n-áirítear oibríochtaí míleata san Úcráin. Pléitear ar na cainéil seo todhchaí Úcráine a bheadh deighilte agus na ‘poblachtaí óga’, teipeanna na n-athchóirithe ar uachtaráin na hÚcráine, agus déantar beag de ghníomhaíochtaí uile údaráis na hÚcráine nó déantar iad a cháineadh.</p> <p>Glacann Oleg Dobrodeev páirt i gcruinnithe de Administration of the President of the Russian Federation, ag a dtugtar treoracha do cheannairí phríomhmheáin an Stáit.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	
901.	Farkhad AKHMEDOV	<p>Dáta breithe: 15.9.1955</p> <p>Áit bhreithe: Baku, Azerbaijan</p> <p>Feidhm: Duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil an fhuinnimh agus le polaitíocht áitiúil Rúiseach; bunaitheoir Tansley Trádála.</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is fear gnó Rúiseach é Farkhad Akhmedov a bhfuil baint aige le hearnáil an fhuinnimh agus le polaitíocht áitiúil na Rúise. Bhunaigh sé Tansley Trading, a chuir trealamh ar fáil do tháirgeoirí gáis Rúiseacha agus d’éirigh sé ina scairsealbhóir mionlaigh in Nortgas, cuideachta ola agus gáis sa tSibéir, agus ina Chathaoirleach de Bechtel Energy. Tá dlúthchaidreamh aige leis an gCreimil agus is duine de phríomhdaoine gnó é a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíochta a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	8.4.2022
902.	Pavel Nikolayevitch GUSEV (Павел Николаевич Гусев)	<p>Dáta breithe: 4.4.1949</p> <p>Feidhm: Bolscaire, eagarthóir agus úinéir ‘Moskovskiy Komsomolets’</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Pavel Nikolayevitch Gusev ina cheann ar phríomhtháblóideach na Rúise, ‘Moskovskiy Komsomolets’, a thacaíonn le hinsint agus gníomhaíochtaí na Creimile a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p> <p>Tá dlúthcheangal aige le hAireacht Chosanta na Rúise agus is ábhar muiníne agus tacaíochta don Uachtarán Vladimir Putin é. Fuair sé boinn oinigh éagsúla agus tacaíocht oifigiúil i dtoghcháin 2018, rud a dhearbhaíonn go dtacaíonn sé go gníomhach le Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
903.	Elena Petrovna TIMCHENKO (ERMAKOVA (YERMAKOVA) a hainm báiste) Елена Петровна Тимченко (ЕРМАКОВА))	Feidhm: Comhuachtarán an Foundation Timchenko Náisiúntacht: Rúiseach, Fionlannach Duine aonair comhlachaithe: Gennady Timchenko (fear céile) Inscne: baineann	Is í Elena Timchenko bean chéile an bhiliúnaí Gennady Timchenko, a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Glacann sí páirt ina ghnóthaí poiblí tríd an Timchenko Foundation. Tá tairbhe á baint aici, dá bhrí sin, as Gennady Timchenko, duine atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a thabhairt do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus as tairbhe a bhaint as na cinnteoirí sin.	8.4.2022
904.	Maria Vladimirovna VORONTSOVA (PUTINA a hainm báiste) (ar a dtugtar freisin Mariya VORONTSOVA; Maria FAASSEN) (Мария Владимировна ВОРОНЦОВА)	Dáta breithe: 28.4.1985 Feidhm: Is comhúinéir 20 % í den chuideachta Nomenko a bhfuil baint aici leis an tionscadal infheistíochta príobháidí is mó sa Rúis i gcúram sláinte, agus meastar go bhfuil luach 40 billiún rúbil air Duine aonair comhlachaithe: An tUachtarán Vladimir Putin (athair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Maria Vladimirovna Vorontsova an iníon is sine le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Is comhúinéir í den chuideachta Nomenko a bhfuil baint aici leis an tionscadal infheistíochta príobháidí is mó sa Rúis i gcúram sláinte, agus meastar go bhfuil luach 40 billiún rúbil air Tá tairbhe á baint aici as Cónaidhm na Rúise agus tá sí bainteach le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinshe shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022
905.	Anton Valerevich KUPRIN (Куприн Антон КУПРИН)	Feidhm: Captaen ar an bhfrigéad 'Admiral Essen' de chuid fhlít Mara Duibhe na Rúise Inscne: fireann	Is é Anton Valerevich Kuprin captaen 'Admiral Essen' de chuid fhlít Mara Duibhe na Rúise Tá an frigéad 'Admiral Essen' ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí cogaidh atá á ndéanamh ag an Rúis. Dá bhrí sin, tá Anton Valerevich Kuprin freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
906.	Olga AYZIMAN (Ольга АЙЗИМАН)	Dáta breithe: 26.10.1967 Áit bhreithe: Irkutsk, Russian Federation Duine aonair comhlachaithe: Mikhail Fridman (iarchéile) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Olga Ayziman iarchéile Mikhail Fridman, bunaitheoir agus ceann de na príomh-scairshealbhóirí an Alfa Group, lena n-áirítear an banc mór Rúiseach Alfa Banc, a mheastar gur maoinitheoir mór de chuid Chónaidhm na Rúise agus cumasóir dlúthchiorcal Putin é. Is é Mikhail Fridman is príomhurrathaitheoir ar ghníomhaíochtaí agus riachtanais a iarchéile ó bhog sí go Páras. Is duine nádúrtha í a bhfuil baint aici le Mikhail Fridman, duine a thug tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus a bhaint tairbhe as na cinnteoirí sin. Thairis sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
907.	Mikhail Alexandrovich БАБАКОВ (Михаил Александрович БАБАКОВ)	Dáta breithe: 7.2.1994 Duine aonair comhlachaithe: Aleksandr Babakov (athair), Leas-Chathaoirleach ar an State Duma Inscne: fireann	Is é Mikhail Alexandrovitch Babakov mac Aleksandr Babakov, Leas-Chathaoirleach ar an State Duma, duine a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Tá sócmhainní móra i seilbh Mikhail Alexandrovitch Babakov In éineacht lena athair. Is úinéir agus bainisteoir é ar chuideachta eastáit réadaigh sa Fhrainc, trína bhainistíonn sé maoine éagsúla, teach dar luach 11 mhilliún euro gar do Versailles san áireamh. Thairis sin, is ionann an seoladh atá aige féin agus ag a athair. Dá bhrí sin, tá Mikhail Alexandrovitch Babakov comhlachaithe le Aleksandr Babakov agus tá sé ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
908.	Kirill Nikolayevich SHAMALOV (Кирилл Николаевич ШАМАЛОВ)	Dáta breithe: 22.3.1982 Áit bhreithe: St. Petersburg, Russian Federation Feidhm: Leas-chathaoirleach bhord bainistíochta Sibur Holding PJSC Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Kirill Nikolayevich Shamalov leas-chathaoirleach bhord bainistíochta Sibur Holding PJSC, an chuideachta peitricemiceach is mó i gCónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is duine de phríomhdhaoine gnó é a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine .	8.4.2022
909.	Igor Albertovich KESAEV (Игорь Альбертович КЕСАЕВ)	Dáta breithe: 30.10.1966 Áit bhreithe: Vladikavkaz, North Ossetia, Russian Federation Feidhm: Úinéir agus uachtarán Mercury Group Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Igor Albertovich Kesaev úinéir agus uachtarán Mercury Group, ar leis Megapolis Group, an príomhdháileoir tobac i gCónaidhm na Rúise. Tá naisc aige le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus lena fórsaí slándála trí Monolit Fund, atá á réachtáil ag iar-oifigigh de chuid sheirbhísí slándála Chónaidhm na Rúise, agus a chuireann cúnamh airgeadais ar fáil d'oifigigh seirbhíse slándála agus do phearsanra míleata atá ar scor. Thairis sin, is é an príomh-scairshealbhóir den ghléasra Degtyarev é, comhlacht Rúiseach a tháirgeann airm a úsáideann fórsaí armtha na Rúise. Is duine de phríomhdhaoine gnó é atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tacaíonn sé go hábhartha agus baineann sé tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
910.	Alexander Nikolaevich PETAYKIN (Александр Николаевич ПЕТАЙКИН)	Dáta breithe: 24.5.1987 Áit bhreithe: Orenburg, Orenburg Oblast, Russian Federation Feidhm: Úinéir agus ardstiúrthóir gnólachtaí tógála bóthair 'OOO Vector' agus 'Trans Sroy' Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexander Nikolaevich Petaykin úinéir agus ardstiúrthóir gnólachtaí tógála bóithre 'OOO Vector' agus 'Trans Sroy', a bhfuil baint acu le cur chun feidhme tionscadal poiblí de chuid na rialtais réigiúnacha in Orenburg agus Bashkortostan. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é a bhaineann tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
911.	Aleksandr Aleksandrovich SHULGIN	Dáta breithe: 25.8.1984 Áit bhreithe: Irkutsk, Russian Federation Feidhm: CEO agus stiúrthóir ar Ozon Holdings Plc Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó, CEO Ozon, arb é an t-ardán ceannródaíoch ilchatagóire r-thráchtála i gCónaidhm na Rúise é Aleksandr Aleksandrovich Shulgin. An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail ar chruinniú olagarc le Vladimir Putin sa Chreimil chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbearta a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na n-olagarc a bhfuil dlúthchaidreamh acu le hUachtarán Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, bíonn sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
912.	Ekaterina Vladimirovna TIKHONOVA (Yekaterina Vladimirovna Putina a hainm báiste) (ar a dtugtar freisin Yekaterina, Katerina) (Катерина Екатерина Владимировна ТИХОНОВА)	Dáta breithe: 31.8.1986 Áit bhreithe: Dresden, Germany Feidhm: Ceannaire ar an tionscnamh forbartha Innopraktika. Duine aonair comhlachaithe: Uachtarán Vladimir Putin (athair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: bainneann	Is í Ekaterina Vladimirovna Tikhonova iníon an Uachtaráin Vladimir Putin. Bhí sí i gceannas tráth ar an institiúid nua intleachta saorga in Moscow State University, a mhaoinítear le cistí stáit. Is í atá i gceannas faoi láthair ar an tionscnamh forbartha Innopraktika, arna mhaoiniú ag cuideachtaí tábhachtacha de chuid Chónaidhm na Rúise arb iad comhaltaí de dhlúthchiorcal na n-olagarc atá gar don Uachtarán Putin stiúrthóirí na gcomhlachtaí sin. Dá bhrí sin, tá tairbhe á baint aici as Cónaidhm na Rúise agus tá sí bainteach le daoine a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Thairis sin, tá sí comhlachaithe lena hathair, atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin, agus tacaíonn sé go gníomhach leis na gníomhaíochtaí sin.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
913.	Evgeny Borisovich ZUBITSKIY (Евгений Борисович ЗУБИЦКИЙ)	Dáta breithe: 10.3.1968 Áit bhreithe: Kemerovo, Russian Federation Feidhm: Fiontraí, comhúinéir agus cathaoirleach bhord agus CEO Industrial Metallurgical Holding (PMH) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Evgeny Borisovich Zubitskiy comhúinéir agus cathaoirleach bhord agus CEO Industrial Metallurgical Holding (PMH). Is scairsealbhóir é sa Koks Group, máthairghnóthas PMH agus an tairgeoir is mó sa Rúis de chóc indíolta, arna bhunú ag an bhfeisire sa State Duma Boris Zubitsky. Is duine de phríomhdhaoine gnó é, dá bhrí sin, agus baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022
914.	Sergey Vladimirovich MIKHAILOV (ar a dtugtar freisin Sergei MIKHAILOV) (Сергей МИХАЙЛОВ)	Dáta breithe: 17.3.1971 Áit bhreithe: Arkhangelsk, Russian Federation Feidhm: Ardstiúrthóir ar an Russian News Agency TASS Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergey Mikhailov an t-ardstiúrthóir ar an Russian News Agency TASS – an ghníomhaíocht nuachta is mó sa Rúis, a scaipeann trína líonra ollmhór ionadaíochtaí eachtracha (70 oifig sa Chomhlathas na Stát Neamhspleách agus 68 mbiúro ar fud an domhain) faisnéis cham maidir leis an Úcráin, rud a fhóinann do leasanna cheannaireacht pholaitiúil Chónaidhm na Rúise. Bhronn an tUachtarán Vladimir Putin an Order of Friendship air. Tá Sergey Mikhailov san áireamh i gcúlchiste pearsanra Uachtarán na Rúise. Dá bhrí sin, bíonn sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.	8.4.2022
915.	Alexander Alexandrovich MALKEVICH (Александр Александрович МАЛЬКЕВИЧ)	Dáta breithe: 14.7.1975 Áit bhreithe: St. Petersburg, Russian Federation Feidhm: An chéad leas-chathaoirleach ar an Public Chamber of the Russian Federation for the Development of the Information Community, Media and Mass Communications. Ardstiúrthóir ar an gcainéal Saint Petersburg TV ó mhí Eanáir 2021 i leith.	Is bolscaire Rúiseach é Alexander Malkevich, Ard-Stiúrthóir ar an gcainéal Saint Petersburg TV, agus an chéad leas-chathaoirleach ar an Public Chamber of the Russian Federation for the Development of the Information Community, Media and Mass Communications. An 25 Feabhra 2022, dúirt Malkevich gur 'oibríocht speisialta' é an fogha míleata atá ar siúl faoi láthair faoin Úcráin dar cuspóir an Úcráin a dhí-naitsiú agus nach cuspóir dó an tír a urghabháil. An 16 Márta 2022, d'fhreastail Malkevich ar chruinniú Public Chamber of the Russian Federation maidir le 'Information warfare escalation: defending Russia's interest', áit ar pléadh a thábhachtaí atá sé faisnéis fhírinneach a chur amach ionas go dtuigfeadh daoine cén fáth a ndearnadh an cinneadh 'oibríocht speisialta' a sheoladh san Úcráin agus cad is cuspóir di.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Uimhir pas/uimhir aitheantais: Pas 717637093, Uimhir Aitheantais Náisiúnta Uimh. 781005202108 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Dá bhrí sin, bíonn sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.	
916.	Sodat NARZIEVA (Соодат НАРЗИЕВА)	Áit bhreithe: Uzbekistan Duine aonair comhlachaithe: Alisher Usmanov (deartháir) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Baineann	Is í Alisher Usmanov deirfiúr Sodat Narzieva, olagarc atá ar son na Creimile agus ag a bhfuil dlúthnaisc le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin agus a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. D'aistrigh Alisher Usmanov sócmhainní nach beag chuig a dheirfiúr Sodat Narzieva, lena n-áirítear íocaíocht amháin nó bronntanas amháin dar luach USD 3 mhilliún. Bhí 27 gcuntas bainc Eilvéiseach aici freisin, ina bhfuil na céadta milliún dollar, cuntais ar féidir a nascadh lena deartháir Alisher Usmanov. Tá nasc aici freisin le 6 chuideachta easchósta ar féidir a cuid gníomhaíochtaí a nascadh le Alisher Usmanov, duine a thug thug tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus thacaigh sé go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
917.	Musa Yusupovich Bazhaev (Муса Юсупович БАЗАЕВ)	Dáta breithe: 11.5.1966 Áit bhreithe: Achkoy Martan, Chechnya Feidhm: duine gnó Rúiseach; faoi láthair is é an t-uachtarán ar an Moscow Alliance group ar leis sócmhainní i ngnólachtaí ola, tógála, teicstíle, bia, airgeadais, agus meán; Cathaoirleach ar Russian Platinum. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Is é Musa Bazhaev an tUachtarán ar an Alliance Group, arb iad, mar phríomhchliant acu, na hionadaithe is mó ó thionscail an gháis agus na hola, ó na saoráidí tionsclaíocha, ón earnáil teileachumarsáide agus ó fhóntais tithíochta agus phoiblí a phríomhchliant. Ina theannta sin, tá sé ina Chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí Russian Platinum, a aithníodh mar cheann de phríomhchuideachtaí mianadóireachta na Rúise a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. In 2021, shínigh VEB.RF, VTB Group agus Russian Platinum meabhrán intinne chun taisce mianaigh nicile-copair-platanaim de chuid Chernogorsk i réigiún Krasnoyarsk a mhaoiniú. Bhí an searmanas sínithe ar siúl le linn Fhóram Idirnáisiúnta Eacnamaíoch St. Petersburg agus Uachtarán Putin, i láthair. Tá Musa Bazhaev ar dhuine de phríomhfhír gnó Rúiseach, agus is é duine de na 200 Rúiseach is saibhre, a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ina theannta sin, tá baint ag Musa Bazhaev le VEB.RF, institiúid forbartha airgeadais Rúiseach a thugann tacaíocht ghníomhach, ábharach nó airgeadais, do chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, nó a bhaineann tairbhe astu sin.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
918.	Grigory Viktorovitsj Berezkin (Григорий Викторович БЕРЕЗКИН)	Dáta breithe: 9.8.1966 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí, ESN Group Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Grigory Berezkin ar dhuine de phríomhdhaoine gnó Rúiseach agus meastar gurb é 'cúlaistín' Uachtarán Vladimir Putin é. Tá sé ina Chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí ESN Group, grúpa cothromais phríobháidigh Rúiseach ag a bhfuil punann infheistíochtaí i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear na meáin, fuinneamh, bonneagar, TF, acmhainní nádúrtha agus an earnáil pheitricimiceach. Tá ESN Group ar cheann de na cuideachtaí sealbhaíochta is mó sa Rúis. In 2019, shínigh Saudi Basic Industries Corporation (SABIC), Russian Direct Investment Fund (RDIF), agus ESN Group comhaontú chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal chun gléasra meatánóil a dhearadh, a thógáil agus a oibriú i réigiún Amur, in Oirthear na Rúise. In 2021, shínigh VEB.RF, VTB, ESN Group, Aireacht Forbartha Oirthear na Rúise, Marubeni Corporation agus Mitsui O.S.K. meabhrán tuisceana le linn Fhóram Eacnamaíoch an Oirthir, a raibh sé mar aidhm aige tionscadal a fhorbairt chun soithí meatánóil-bhreoslaithe a thógáil ag tógáil na Rúise. D'fhreastail Uachtarán Putin, ar an searmanas.	8.4.2022
			Mar Chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí ESN Group, is duine de phríomhdhaoine gnó é Grigory Berezkin agus tá sé rannpháirteach in eárnálacha eacnamaíoch a thugann foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá sé ag tacú, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus ag baint tairbhe as.	
919.	Serguey Achotovich Mndoiants (Сергей Ашотович МНДОЯНЦ)	Dáta breithe: 21.9.1961 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Fear gnó Rúiseach ag feidhmiú mar leas-uachtarán na hilchuideachta AFK Sistema. Bunaitheoir an ghnólachta comhairliúcháin VLM Invest. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is leas-uachtarán feidhmiúcháin é Serguey Mndoiants atá i gceannas ar chaidreamh rialtais don ilchuideachta Rúiseach AFK Sistema PAO, atá gníomhach in earnáil na teileachumarsáide agus na teicneolaíochta faisnéise. Tá Serguey Mndoiants ina leas-uachtarán sinsearach ar VLM Invest, gnólacht comhairliúcháin a fheidhmíonn mar idirghabhálaí idir cuideachtaí príobháideacha agus comhlachtaí rialtais Chónaidhm na Rúise. Is comhalta é Serguey Mndoiants de bhord na Comhairle um an mbeartas eachtrach agus cosanta (SVOP), meitheal machnaimh a chuireann comhairle ar Rialtas Chónaidhm na Rúise maidir le seoladh an bheartais eachtraigh agus cosanta. Dá bhrí sin, is duine de phríomhdhaoine gnó é atá rannpháirteach in eárnálacha eacnamaíoch a thugann foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
920.	Boris Romanovich ROTENBERG (Борис Романович РОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 3.1.1957 Áit bhreithe: St. Petersburg, Russia Federation Daoine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg (deartháir), Igor Rotenberg (nia) Eintitis chomhlachaithe: SGM (Stroygazmontazh), SMP Bank, Gazprom Drillings Náisiúntacht: Rúisis, Fionlainnis Inscne: fireann	Fear gnó Rúiseach agus billiúnaí é Boris Rotenberg, agus is é deartháir Arkady Rotenberg, fear gnó Rúiseach agus billiúnaí, scairshealbhóir den chuideachta Gazprom Drilling atá faoi úinéireacht stáit agus comh-úinéir SGM Group (Stroygazmontazh). Tá dlúthbhaint ag muintir Rotenberg leis an Uachtarán, Vladimir Putin. Tá Boris Rotenberg ina chomhalta de Bhord Stiúrthóirí SMP Bank agus tá sé ar cheann de scairshealbhóirí móra Gazprom Drillings a fuair conarthaí stáit móra a bhuíochas dá dhlúthcheangail le hUachtarán Putin. Dá bhrí sin, tá Boris Rotenberg ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá siad araon freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, is duine nádúrtha é a bhfuil baint aige le Arkady Rotenberg agus le hUachtarán Putin, atá siad beirt liostaithe faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
921.	Igor Arkadyevich ROTENBERG (Игорь Аркадьевич РОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 9.5.1973 Áit bhreithe: St. Petersburg, Russia Federation Daoine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg (athair), Boris Rotenberg (uncail) Eintitis chomhlachaithe: SGM Group (Stroygazmontazh), Gazprom Drilling, NPV Engineering Group Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is fear gnó Rúiseach agus billiúnaí é Igor Rotenberg, is é mac is sine agus oidhre Arkady Rotenberg, fear gnó Rúiseach, billiúnaí agus comh-úinéir SGM Group (Stroygazmontazh). Is é an scairshealbhóir is mó ar Gazprom Drilling. Tá dlúthbhaint ag muintir Rotenberg le hUachtarán Putin. Mar gheall ar a sheasamh i bpríomhfhiontair na Rúise, lena n-áirítear SGM, Gazprom Drillings agus Mostotrest, a bhfuil conarthaí móra stáit faighte acu, agus a dhlúthnaisc le hUachtarán Putin, tá Igor Rotenberg ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, is duine nádúrtha é a bhfuil baint aige le Arkady Rotenberg agus le hUachtarán Putin, atá siad beirt liostaithe faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
922.	Ekaterina IGNATOVA (ar a dtugtar freisin Jekatarina Ignatova)	Dáta breithe: 1968 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Daoine aonair comhlachaithe: Sergei Chemezow (fear céile)	Is í Ekaterina Ignatova bean chéile Sergei Chemezov, CEO chorparáid stáit na Rúise, Rostec (State Corporation for Assistance to Development, Production and Export of Advanced Technology Industrial Product). Mar bhean chéile Sergei Chemezov, tá sócmhainní móra ag Ekaterina Ignatova atá nasctha leis. Ar dhearbhu sócmhainne poiblí is déanaí Sergei Chemezov in 2019, áiríodh ioncam bliantúil 24 mhilliún USD Ekaterina Ignatova.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Anastasia Ignatova (iníon) Lyudmila Rukavishikova (máthair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Tá baint ag Ekaterina Ignatova le duine nádúrtha (a fear céile) a liostaítear faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
1110.	Gulbakhor ISMAILOVA (ar a dtugtar freisin Ismailova Gulbakhor) Гульбахор ИСМАИЛОВА	Dáta breithe: 22.12.1959 Áit bhreithe: Uzbekistan Seoladh: Apartment 81-83, 79 Ustabayeva Street 1000187 Tashkent, Uzbekistan Duine aonair comhlachaithe: Alisher Usmanov, deartháir	Is deirfiúr le Alisher Usmanov í Gulbakhor Ismailova, olagarc ar son an Kremlin atá liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle. Léirigh imscrúduithe a rinne an German Federal Criminal Police Office (Bundeskriminalamt) gur aistrigh Alisher Usmanov sócmhainní go hindíreach chuig a dheirfiúr Gulbakhor Ismailova. Go háirithe, is é úinéir an luaimh 'Dilbar' Navis Marine Ltd. (Oileáin Cayman) arb é Almenor Holdings Ltd. (An Chipir) a scairshealbhóir. Tá na scaireanna uile sa chuideachta shealbháochta sin á sealbhú ag Pomerol Capital SA (an Eilvéis) ar iontaobhas ar mhaithe le 'The Sisters Trust'. Ó 2017 i leith, níl Alisher Usmanov ina scairshealbhóir den chuideachta iontaobhais sin a thuilleadh, rud a fhágann gurb í a dheirfiúr, Gulbakhor Ismailova, aon úinéir tairbhiúil an luaimh 'Dilbar'.	8.4.2022'

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Pasuimhir: 71 3059195 (Rúiseach)</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Tá nasc aici freisin le só-réadmhaoín san Iodáil agus sa Laitvia, só-réadmhaoín is féidir a nascadh lena deartháir Alisher Usmanov. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha í a bhfuil baint aici le Alisher Usmanov (a deartháir), a thug tacaíocht ghníomhach agus go hábharach agus ó thaobh airgeadais de do chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus a thacaigh go ghníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchobhsú na hÚcráine.</p>	

Eintitis

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
66.	<p>JSC Arzamas Machine-Building Plant (AO “Арзамасский машиностроительный завод”)</p>	<p>Seoladh: Ulitsa 9 Maya, 2, Arzamas, Nizhny Novgorod Oblast, 607220 Russian Federation</p> <p>Teil: +7 831 4740780</p> <p>Suíomh gréasáin: amz.ru</p> <p>Rphost: oao_amz@amz.ru</p>	<p>Is cuid de Military Industrial Company, cuideachta de chuid Oleg Deripaska é Arzamas Machine-Building Plant. Déantar na hiompróirí armúrtha pearsanra amfaibiach BTR–80, a d’úsáid an Rúis le linn linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022, a mhonarú ann.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Arzamas Machine-Building Plant freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	8.4.2022
67.	<p>JSC Ruselectronics (AO “Росэлектроника”)</p>	<p>Seoladh: Vereiskaya Str., 29, p. 141., Moscow 115184, Russian Federation</p> <p>Teil: +7 495 777 42 82</p> <p>Suíomh gréasáin: https://www.ruselectronics.ru/</p> <p>Rphost: info@ruselectronics.ru</p>	<p>Is cuideachta sealbhaíochta leictreonaice Rúiseach faoi úinéireacht Rostec é Ruselectronics.</p> <p>Bhain fórsaí armtha na Rúise úsáid as aonaid ilfheidhmeacha de chóras armán cogáíochta leictreonaí Borisoglebsk-2 a d’fhorbair agus a mhonaraigh JSC Sozvezdie Concern le linn fhogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin in 2022. Roimhe sin, úsáideadh córas Borisoglebsk-2 ar chríoch scarúnaíoch ‘Luhansk People’s Republic’, mar a ghairtear di, in Oirthear na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Ruselectronics freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	8.4.2022
68.	<p>JSC Tactical Missiles Corporation (KTRV)</p>	<p>Seoladh: 141080, Moscow region, Korolev, Ilyicha str., 7, Russian Federation</p>	<p>Déanann Tactical Missiles Corporation córais armán straitéiseacha oirbheartaíochta eitlíochta ardbheachtas aer go dromchla agus aer go haer agus córais armán aontaithe mhuirí fhórsaí armtha na Rúise a fhorbairt, a mhonarú, a nuachóiriú, a dheisiú agus a chothabháil. Bhain an Rúis úsáid as na harmáin a mhonaraigh Tactical Missiles Corporation le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
	(АО “Корпорация Тактическое Ракетное Вооружение”, КТРВ)	Teil: +7 (495) 542-57-09 Facs: +7 (495) 511-94-39 Suíomh gréasáin: http://www.ktrv.ru Rphost: kmo@ktrv.ru	Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
69.	JSC SOZVEZDIE CONCERN (АО Концерн “Калашников”)	Seoladh: Deryabina avenue, 3B, Izhevsk 394018, Russian Federation Teil: +7 341 250 47 47 Suíomh gréasáin: https://kalashnikovgroup.ru/ R-phost: personal@kalashnikovconcern.ru	Is forbróir agus monaróir Rúiseach é Kalashnikov Concern a dhéanann trealamh don arm, raidhfíilí pearsanta, diúracáin agus feithiclí san áireamh. Tá sé á rialú go díreach ag Rostec. Bhain fórsaí armtha na Rúise úsáid as diúracáin aerárthaí treoraithe Vikhr-1 agus as raidhfíilí ionsaithe AK-12 a rinne Kalashnikov Concern le linn fhogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin in 2022. Dá bhrí sin, tá JSC Kalashnikov Concern freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
70.	JSC UEC Klimov (АО “ОДК-Климов”)	Seoladh: 11, Kantemirovskaya st., St. Petersburg 194100, Russian Federation Teil: +7 (812) 454 71 00 Facs: +7 (812) 647 00 29 Suíomh gréasáin: https://www.klimov.ru/en Rphost: klimov@klimov.ru	Is dearthóir agus táirgeoir ceannródaíoch Rúiseach é JSC UEC Klimov a dhéanann innill gástuirbíní le haghaidh aerárthaí míleata agus sibhialta. Is cuid de United Engine Corporation. Déanann sé innill a shuiteáiltear i héilecaptair Ka-52 a d'úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022, lena n-áirítear le linn chath Hostomel. Dá bhrí sin, tá JSC UEC Klimov freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
71.	LLC Military Industrial Company (ООО Военно-промышленная компания)	Seoladh: Rochdelskaya st., 15/8, 3 floor, r. 10/-14, Moscow 123376, Russian Federation Teil: +7 (495) 662-10-57	Is soláthraí ollmhór é Military Industrial Company a chuireann arm agus trealaimh mhíleata ar fáil d'fhórsaí armtha na Rúise. Is cuid de Russian Machines é agus tá sé faoi úinéireacht Oleg Deripaska. Is cuid de Military Industrial Company é Arzamas Machine-Building Plant, a mhonaraíonn na hionpróirí armúrtha pearsanra amfaibiach BTR-80, a d'úsáid an Rúis le linn fogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Suíomh gréasáin: https://milindcom.ru Rphost: secrvpk@milindcom.ru	Dá bhrí sin, tá Military Industrial Company freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
72.	PO More Shipyard (Акционерное Общество Судостроительный Завод “Море”)	Seoladh: Desantnikov 1, Primorskiy, Fedosia, Crimea, 298176 Teil: Teil.:+7 (36562) 29-3-22 Suíomh gréasáin: https://moreship.ru/main/ Rphost: office@moreship.ru	Is é More Shipyard an soláthróir longa cogaidh míleata do Chabhloch na Rúise. Tar éis ionghabháil mhídhleathach Leithinis na Crimé a rinne Cónaidhm na Rúise, rinne Cónaidhm na Rúise é a náisiúnú, agus dheonaigh sí ceadúnas stáit Rúiseach d'fhorbairt, do tháirgeadh, do thástáil, do shuiteáil, do chóimeáil, do chothabháil theicniúil, do dheisiú, do dhíúscairt agus do dhíol arm agus trealaimh mhíleata. Thóg sé 22800 corvettes do Chabhloch na Rúise, a chuir le míleatú na Crimé a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi. Thairis sin, baineann lógó na cuideachta úsáid as an tsiombail mhíleata “Z” atá in úsáid ag bolscaireacht Rúiseach chun fogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin in 2022 a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, aistríodh a úinéireacht in aghaidh dhlí na hÚcráine.	8.4.2022
73.	JSC Omsk Transport Machine Factory Omsktransmash (АО Омский завод транспортного машиностроения “ОМСКТРАНСМАШ”)	Seoladh: Krasnyy Pereulok 2, 644020 Omsk, Russian Federation Teil: Teil.:+7 (3812) 446103 Suíomh gréasáin: http://transmash-omsk.ru Rphost: info@transmash-omsk.ru	Is cuideachta innealtóireachta atá faoi úinéireacht stáit é Omsktransmash atá bunaithe in Omsk (an Rúis). Monaraíonn sé na hil-lainseálaithe roicéad TOS-1A a scaoileann roicéid teirmeabaracha. Thug Omsktransmash TOS-1A chuig Fórsaí Armtha na Rúise. In 2022, d'úsáid an Rúis TOS-1A le linn fogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
74.	JSC Russian Machines (ООО ‘Русские машины’)	Seoladh: Rochdelskaya 15, building 8 Moscow, 123022, Russian Federation Teil: +7 (495) 653 82 07 Suíomh gréasáin: rm.ru	Is ilchuideachta tionslaíoch é JSC Russian Machines atá faoi úinéireacht Oleg Deripaska. Áirítear leis Russian Machines, Military Industrial Company agus Arzamas Machine-Building Plant, a mhonaraíonn na hiompróirí armúrtha pearsanra amfaibiach BTR–80, a d'úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Rphost: info@rm.ru	Dá bhrí sin, tá Russian Machines freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
75.	JSC Sozvezdie Concern (АО Концерн 'Созвездие')	Seoladh: Plekhanovskaya Str., 14, Voronezh 394018, Russian Federation Teil: +7 473 252 52 52 Suíomh gréasáin: https://www.sozvezdie.su Rphost: office@sozvezdie.su	Is é JSC Sozvezdie Concern forbróir agus monaróir cogaíochta leictreonaí, cumarsáid raidió, córais agus trealamh frithbheart leictreonach. Bhain Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as aonaid ilfheidhmeacha de chóras armán cogaíochta leictreonaí Borisoglebsk-2 a d'fhorbair agus a mhonaraigh JSC Sozvezdie Concern le linn fhogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin in 2022. Roimhe sin, bhí córas Borisoglebsk-2 in úsáid ar chríoch scarúnaíoch 'Luhansk People's Republic' mar a ghairtear de' in Oirthear na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Sozvezdie Concern freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
76.	JSC Research and Industrial Concern 'Machine Engineering Technologies' - JSC RIC TECMASH (Холдинговая компания АО "Научно-производственный концерн 'Технологии машиностроения'")	Seoladh: Bolshaya Tatarskaya Str. 35/5, Moscow 115184, Russian Federation Teil: +7 495 459 98 81 Suíomh gréasáin: http://tecmash.ru Rphost:: info@tecmash.ru	Is príomhdhearthóir agus príomh-mhonaróir diúracán agus muinisin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise é Tecmash Concern. Is fochuideachta Rostec é. Monaraíonn a fhochuideachta, NPO Splav, il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan and BM-30 Smerch a d'úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022. D'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch i gcnuasmhuinisean i gcoinne spriocanna sibhialtacha san Úcráin, rud ba chúis le taismigh iomadúla. Dá bhrí sin, tá Tecmash freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
77.	PJSC United Engine Corporation (АО 'Объединенная двигателестроительная корпорация')	Seoladh: 16, Budyonny Avenue, Moscow, 105118, Russian Federation Teil: +7(495) 232-55-02, +7(499) 558-18-94	Is fochuideachta Rostec é United Engine Corporation a dhearann, a mhonaraíonn agus a dhéanann seirbhís ar eitlíocht shibhialta, innill roicéad agus muirinnill gástuirbín.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Suíomh gréasáin: https://www.uecrus.com Rphost: info@uecrus.com	Déanann JSC UEC Klimov, ceann de na cuideachtaí atá mar chuid den Official United Engine Corporation, innill a shuiteáil i héileacaptair Ka-52 a d'úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022, lena n-áirítear le linn chath Hostomel. Dá bhrí sin, tá United Engine Corporation freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
78.	Yantar Shipyard (Прибалтийский судостроительный завод 'Янтарь')	Seoladh: 1 Guskova square, 236005, Kaliningrad, Russian Federation Teil: +7 (4012) 61 30 83 Suíomh gréasáin: https://shipyard-yantar.ru/en Rphost: office@shipyard-yantar.ru	Tá Yantar Shipyard mar chuid de United Shipbuilding Corporation ilchuideachta longthógála Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit, arb é an príomhsholáthróir longa cogaidh míleata do Chabhloch na Rúise. Thóg sé tionscadal 'Pyotr Morgunov' 11711 long mhórthuirlingthe, a d'úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
79.	Otkritie FC Bank (ar a dtugtaí NOMOS Bank tráth)	Cineál cuideachta: Cuideachta comhstoic poiblí Seoladh: D. 2, str. 4, ul. Letnikovskaya, 115114, Moscow, Russian Federation Dáta clárúcháin: 15.12.1999 Cláruimhir: 1027739019208 Uimhir aitheantais chánach: 7706092528 SWIFT/BIC: JSNMRUMM Duine aonair comhlachaithe: Igor Finogenov, Comhbhunaitheoir (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eurasian Development Bank anois) Comhlaigh: Banc Ceannais na Rúise; Rialtas Chónaidhm na Rúise	Tá Otkritie FC Bank, ar a dtugtaí NOMOS Bank tráth, ar cheann de na 10 mbanc is mó sa Rúis agus institiúid airgeadais atá tábhachtach go sistéamach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is é Banc Ceannais na Rúise príomhinfheisteoir Otkritie Bank, a bhfuil 99-100 % de na scaireanna ina sheilbh aige. Mar cheann de na hinstiúidí airgeadais is mó atá faoi úinéireacht stáit na Rúise, gineann Otkritie Bank ioncam ard do Bhanc Ceannais na Rúise agus do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is eintiteas nó comhlacht é Otkritie Bank dá bhrí sin a thacaíonn, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais, nó a bhaineann tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine chomh maith le duine dlíthiúil, eintiteas nó comhlacht a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinsé shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
80.	Novikombank Новикомбанк	Cineál cuideachta: Joint Stock Commercial Bank Seoladh: Bld.1, Polyanka Bolshaya str. 50/1, Moscow, 119180, Russian Federation Áit chláráithe: Moscow, Russian Federation Cláruimhir: 1027739075891 Duine aonair comhlachaithe; Georgieva Elena ALEKSANDROVNA (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta); Andrey Valeryevich KONDRATYEV (Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóir) Eintiteas comhlachaithe: Rostec (Russian Technologies State Corporation)	Is fochuideachta de Rostec é Novikombank (Russian Technologies State Corporation), ar mór-ilchuideachtaí cosanta faoi úinéireacht stát na Rúise é. Tá ról suntasach ag Novikombank i gcur chun feidhme na gclár rialtais Rúiseach atá dírithe ar thionscail ardteicneolaíochta a fhorbairt sa Rúis trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail phríomhúla mhíleata agus shibhialtacha. Déanann Novikombank gnó in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do Rialtas Chónaidhm na Rúise, go háirithe in earnáil na cosanta. Is eintiteas nó comhlacht é Novikombank dá bhrí sin a thacaíonn, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais, nó a bhaineann tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine chomh maith le duine dlíthiúil, eintiteas nó comhlacht a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíochta a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
81.	Sovcombank (ar a dtugtaí Buycombank tráth)	An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí Seoladh: Ul. Butyrskaya, D. 76, P. 1, 127015, Moscow, Russian Federation Dáta clárúcháin: 1.11.1990 Cláruimhir: 1027739059754 Uimhir aitheantais chánach: 7730058711 Eintiteas comhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Tá Sovcombank, ar a dtugtaí Buycombank tráth, ar cheann de na bainc is mó sa Rúis agus aithníonn an Rialtas agus Banc Ceannais na Rúise go bhfuil sé tábhachtach mar institiúid chreidmheasa airgeadais na Rúise. Dá bhrí sin, is duine dlítheanach é Sovcombank agus tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíochta a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
82.	VTB Bank ВТБ/Внешторгбанк	An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí Seoladh: Vorontsovskaya Str., 43, Moscow, 109044, Russian Federation	Is institiúid airgeadais é an VTB Bank a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint léi do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus is mórscairshealbhóir de chuid VTB Bank é ina dhiaidh sin. Tá dlúthnaisc ag an mbanc féin le Seirbhísí faisnéise na Rúise agus cheap Uachtarán Vladimir Putin, a Phríomhfhéidhmeannach, agus tá a chuid gníomhaíochtaí cosanta aige lena n-áirítear ionghabháil leithinis na Crimé. Mar cheann de phríomhinstitiúidí airgeadais na Rúise, atá faoi úinéireacht Rialtas Chónaidhm na Rúise den chuid is mó, cruthaíonn VTB ina theannta sin ioncam ard	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Áit chláráithe: Degtyarnyy Pereulok, 11a, St. Petersburg, 191144, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 17.10.1990</p> <p>Cláruimhir: 1027739609391</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Andrei Leonidowitsch KOSTIN (Uachtarán agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta); Anton SILUANOV (Cathaoirleach na Comhairle Maoirseachta)</p> <p>Eintiteas comhlachaithe: An Ghníomhaireacht Chónaidhme um Bainistíú Maoine Stáit (is mórscairshealbhoir é forannán an Russian Ministry of Economic Development)</p>	<p>do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is eintiteas nó comhlacht é VTB Bank dá bhrí sin a thacaíonn, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais, nó a bhaineann tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine chomh maith le duine dlíthiúil, eintiteas nó comhlacht a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	
83.	JSC GTLK State Transport Leasing Company	<p>Seoladh: 31a Leningradsky Avenue, bldg. #1, Moscow 125284, Russian Federation</p> <p>Seoladh dlíthiúil: 73 Respublika St., Suite 100, Salekhard, Yamalo-Nenets Autonomous Area, 62900B, Russian Federation</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta iompair</p> <p>Áit chláráithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 2001</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: GTLK Europe, GTLK Asia, GTLK Middle East</p> <p>Teileafón : (495) 221-00-12 8-800-200-12-99</p> <p>Rphost: gtlk@gtlk.ru</p>	<p>Oibríonn GTLK in iompar aeir, ar muir agus iarnróid, iompar paisinéirí, mótarfheithiclí agus trealamh speisialta do chuideachtaí intíre sa tionscal iompair, agus déanann sé gníomhaíochtaí infheistíochta chun bonneagar iompair na Rúise a fhorbairt. Is í Cónaidhm na Rúise an t-aon scairshealbhoir de chuid na cuideachta agus is é Ministry of Transport of the Russian Federation a dhéanann ionadaíocht air. In 2020, rinneadh meastóireacht ar phunann léasa GTLK ag 1.3 billiún rúbal; Tá fochuideachtaí éagsúla aige sa Mheánoirthear, san Áise ach san Eoraip freisin. Is eintiteas dlítheanach é GTLK a thacaíonn, ó thaobh airgeadais de, le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus ag baint tairbhe as.</p>	8.4.2022.

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/582 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Aibreán 2022

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ⁽¹⁾.
- (2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.
- (3) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.
- (4) Sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go géar an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag an Rúis, agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Tháinig an Chomhairle Eorpach, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe de chuid an Aontais, ar chomhaontú maidir le bearta sriantacha breise a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha i gceist leo maidir leis an Rúis de bharr an ngníomhaíochtaí atá déanta aici.
- (5) An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/329 ⁽²⁾ inar leasaíodh na critéir ainmniúcháin le go n-áireofaí daoine agus eintitis a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn den Rialtas sin, daoine agus eintitis a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le daoine nó eintitis liostaithe.
- (6) Sna conclúidí uaithi an 24 Márta 2022, luaigh an Chomhairle Eorpach gur sárú fíochmhar ar an dlí idirnáisiúnta é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus líon ollmhór sibhialtach á ghortú agus á mharú mar thoradh air, agus go bhfuil an tAontas réidh i gcónaí chun aon lúb ar lár a dhúnadh agus díriú ar aon teacht timpeall atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh agus smachtbhannaí láidre breise a chur gan mhoill ar an Rúis agus ar an mBealarúis chun cumas na Rúise leanúint den fhogha a chur ó mhaith.
- (7) I bhfianaise a thromchúisí atá cúrsaí, measann an Chomhairle gurb iomchuí bearta sriantacha a fhorchur ar phríomhdhaoine gnó atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ar dhaoine a thugann tacaíocht do Rialtas Chónaidhm na Rúise nó a thairbhíonn as an Rialtas sin agus ar dhaoine nádúrtha a bhfuil baint acu leis na daoine sin, lena n-áirítear baill teaghlaigh a bhaineann tairbhe mhíchuí astu.

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2022/329 Ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 50, 25.2.2022, lch. 1).

- (8) Measann an Chomhairle freisin gur cheart na hAirí agus comhaltaí de 'People's Council' an 'Donetsk People's Republic' agus an 'Luhansk People's Republic', mar a thugtar orthu, a bheith faoi réir bearta sriantacha.
- (9) Ina theannta sin, measann an Chomhairle gur cheart cuideachtaí a thugann tacaíocht, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn as an Rialtas sin, agus a thugann tacaíocht, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a bheith faoi réir bearta sriantacha freisin.
- (10) Mar thoradh air sin, ba cheart 216 dhuine aonair agus 18 n-eintiteas a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.
- (11) Measann an Chomhairle gur cheart sásra maolaithe maidir leis an reo sócmhainní agus maidir leis an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus d'eintitis ainmnithe a thabhairt isteach do mhisin taidhleoireachta.
- (12) Measann an Chomhairle gur cheart sásra maolaithe le haghaidh oibríochtaí áirithe is infheidhme maidir le heintitis áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES a thabhairt isteach.
- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) Icuirtear na méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi cibé coinníollacha a measann sé is iomchuí, tar éis dó a chinneadh gurb amhlaidh i gcás na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha lena mbaineann:

- (a) go bhfuil gá leo chun bunriachtanais daoine nádúrtha a liostaítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn Ia a chomhlíonadh, agus bailiú teaghlaigh chleithiúnacha na ndaoine nádúrtha sin, lena n-áirítear íocaíochtaí as bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;
- (b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;
- (c) go bhfuil siad ceaptha chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;
- (d) go bhfuil gá léi le haghaidh costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil ábhartha d'údarás inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún faoi na forais a mheasann sé gur cheart údarú sonrach a dheonú, dhá sheachtain ar a laghad roimh an údarú; nó
- (e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas nó go bhfuil siad le híoc ó chuntas ar le misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí aici i gcomhréir leis an dlí idir náisiúnta an cuntas sin, nó go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas nó go bhfuil siad le híoc ó chuntas atá i seilbh misin taidhleoireachta, poist chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí aici i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta, an phoist chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta,

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de dhá sheachtain ón údarú.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe ar leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 53, 54, agus 55 faoin gceannteideal ‘Eintitis’ san Iarscríbhinn iad a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidreamh comhfhreagrach baincéireachta, arna thabhairt i gcrích roimh 23 Feabhra 2022 a fhoirceannadh faoin 24 Lúnasa 2022.’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘9. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe ar leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 79, 80, 81, agus 82 faoi cheannteideal ‘B Eintitis’ san Iarscríbhinn iad a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidreamh comhfhreagrach baincéireachta, arna thabhairt i gcrích roimh an 8 Aibreán 2022 a fhoirceannadh faoin 9 Deireadh Fómhair 2022.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I, tar éis dóibh a chinneadh:

(a) go bhfuil gá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha chun cearta dílseánaigh a dhíol agus a aistriú faoin 9 Deireadh Fómhair 2022 i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas i gcás ina bhfuil na cearta dílseánaigh sin faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine nádúrtha nó dhlítheánaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn; agus

(b) go bhfuil fáiltais an díola agus an aistrithe sin reoite fós.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn seo mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
894.	Alexey Yevgenevich FILATOV (Алексей Евгеньевич ФИЛАТОВ)	Dáta breithe: 12.2.1983 Feidhm: Ceann ar Russian Presidential Administration's Directorate of Cross-Border Cooperation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexey Filatov Ceann Russian Presidential Administration's Directorate of Cross-Border Cooperation. Is oifigeach ardchéime de chuid na Creimile é atá freagrach as beartas foghach na Creimile a chomhordú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tionchair urchóidigh, i leith na hÚcráine agus réigiúin Donetsk agus Luhansk atá faoi fhorghabháil. Ina cháil mar Cheann ar Stiúrthóireacht Riaracháin Uachtaránachta na Rúise um Chomhar Trasteorann, tá baint dhíreach ag Filatov le forbairt agus cur chun feidhme an bheartais atá faoi stiúir na Creimile maidir le Donetsk agus Luhansk a scaradh ón Úcráin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
895.	Igor Venediktovich MASLOV (Игорь Венедиктович МАСЛОВ)	Dáta breithe: 18.10.1960 Áit bhreithe: St. Petersburg, Russian Federation Feidhm: Oifigeach den Russian Presidential Administration le Russian Foreign Intelligence Service's (SVR) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is oifigeach fadtéarmach leis an Russian Presidential Administration é Igor Maslov agus cúlra aige ag obair leis an Russian Foreign Intelligence Service (SVR), atá freagrach as beartas agus gníomhaíochtaí treascraha na Creimile i gcoinne 'i ngar thar lear' na Rúise (críocha iar-Shóivéadacha), mar a ghairtear de. Deirtear go gcuireann sé comhairle a chur ar an Uachtarán Putin maidir leis an Úcráin, an Mholdóiv agus an Ossetia Theas agus áirítear é ar ghrúpa daoine a chuireann comhairle ar Putin maidir leis an Úcráin. Ina cháil mar Cheann ar Russian Presidential Administration's Directorate of Interregional and Cultural Ties with Foreign Countries, thréaslaigh Maslov le daoine ó Fhórsaí Oibríochtaí Speisialta (SPO) na hAireachta Cosanta, a raibh ról lárnach acu in ionghabháil neamhdhleathach Leithinis na Crimé. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
896.	Viatcheslav Moshe KANTOR (Вячеслав Моше Кантор) (ar a dtugtar freisin Viatcheslav Vladimirovich KANTOR) (ar a dtugtar freisin Вячеслав Владимирович Кантор)	Dáta breithe: 8.9.1953 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Scairshealbhóir mór den Acron Group, a thrádáiltear go poiblí, ar ceann de na táirgeoirí leasacháin is mó sa Rúis é	Olagarc Rúiseach is ea Viatcheslav Moshe Kantor agus is scairshealbhóir mór é den Acron Group, a liostaítear go poiblí, ar ceann de na táirgeoirí leasacháin is mó sa Rúis é. Tá dlúthcheangal aige leis an Uachtarán Vladimir Putin. A bhuí leis an gceangal sin le hUachtarán na Rúise bhí sé in ann a mhaoin nach beag a choimeád. Is iomaí uair a dhearbhaigh sé go poiblí a thacaíocht d'Uachtarán Putin chomh maith lena chairdeas leis, agus tá dea-chaidreamh leis an gCreimil.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Náisiúntacht: Rúiseach, Iosraelach agus Briotanach Inscne: fireann	Dá bhrí sin, thairbhígh sé de chinnteoirí Rúiseacha a bhí freagrach as an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine. Tá sé ar dhuine de phríomhdhaoine gnó Rúiseacha chomh maith a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
897.	Aleksei Viktorovich PIMANOV (Алексей Викторович ПИМАНОВ) (ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich PIMANOV; Alexei PIMANOV; Aleksey PIMANOV)	Dáta breithe: 9.2.1962 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Managing Organisation 'Creative Association Red Star'; Ceann an Krasnaya Zvezda media holding, ar le hAireacht Chosanta na Rúise é Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bolscaire is ea Aleksei Pimanov agus tá sé ina Cheann ar Krasnaya Zvezda media holding, ar le hAireacht Chosanta na Rúise é D'iarr an tAire Cosanta, Sergey Shoygu, go pearsanta ar Pimanov a bheith ina Cheann ar Krasnaya Zvezda. Bunaíodh an eagraíocht meán le foraithe Aire Cosanta na Rúise agus rialaíonn sé an cainéal feidearálach teilifíse Zvezda. Ar an dul céanna le cainéil eile na meán atá faoi rialú na Creimile, scaipeann Zvezda bréagaisnéis go rialta maidir leis an bhfogha mhíleata gan chúis a thugann an Rúis faoin Úcráin faoi láthair agus baineann sé an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus cuireann sí tacaíocht rithábhachtach na meán ar fáil d'fhogha foréigneach na Rúise. Ina cháil mar chomhalta de chomhairle na meán de Chumann Geografach na Rúise, tá dlúththeagmhálacha ag Pimanov le hoifigigh shinsearacha de chuid na Creimile amhail Alexey Gromov, Dmitry Peskov agus Sergey Shoygu. In 2017, rinne Pimanov an scannán bolscaireachta 'Crimea' a stiúradh agus a léiriú, ina gcosnaítear agus a mholtar an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
898.	Igor Yurievich KOROTCHENKO (Игорь Юрьевич КОРОТЧЕНКО)	Dáta breithe: 15.2.1960 Áit bhreithe: Riga, Latvia Feidhm: Cathaoirleach an Public Council faoi Ministry of Defence of the Russian Federation Eagarthóir ceannais an National Defence magazine; Stiúrthóir an Centre for Analysis of the World Arms Trade; Saineolaí míleata; Grád míleata – Coirnéal Cúltaca.	Is minic a ghlacann Igor Korotchenko, Cathaoirleach an Public Council faoi Ministry of Defence of the Russian Federation, páirt i bpríomhchláir teilifíse bolscaireachta na Rúise mar shaineolaí cúrsaí cosanta agus beartais eachtraigh. Tá cáil ar Igor Korotchenko as a ráitis fhoghacha dhímheasúla i gcoinne iomláine chríochach na hÚcráine agus gríosáíonn sé coimhlint mhíleata idir Cónaidhm na Rúise agus an tIarthar, lena n-áirítear an Úcráin. Ar a ardáin meán sóisialta nó ar a chlár teilifíse, iarrann sé go ndéanfaí an an Úcráin a 'dí-naitsiú' agus a dhímhíleatú agus go ndéanfaí an Úcráin a aontú leis an Rúis ('a haontas bráithreachais stairiúil'), á rá go bhfuil an Úcráin mar chuid de 'domhan na Rúise'.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ar alt a foilsíodh an 24 Feabhra 2022, dúirt Igor Korotchenko gurb é cúram na Rúise san Úcráin an Úcráin a dhímhíleatú, agus míníonn sé go bhfuil an Úcráin ina bagairt dá daonra féin agus do Chónaidhm na Rúise, agus do limistéir Donetsk agus oblast Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi rialú an rialtais. Is é an cuspóir atá leis an oibríocht, de réir Igor Korotchenko, an fhéidearthacht ceannas lártaíthe agus smacht na dtrúpaí a bhaint d'fhórsaí armtha na hÚcráine, gréasán aerpháirc mhíleata na hÚcráine a dhíchumasú, chomh maith le poist aerchosanta agus diúracáin oibríochtúla a scríosadh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	
899.	Vladimir Nikolayevich SUNGORKIN (Владимир Николаевич СУНГОРКИН)	Dáta breithe: 16.6.1954 Áit bhreithe: Khabarovsk, Russian Federation Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus eagarthóir ceannais Komsomolskaya Pravda; Comhalta de chomhairlí poiblí in Ministry of Defence of the Russian Federation, the Ministry of Emergency Situations of the Russian Federation, agus Ministry of Transport of the Russian Federation. In Council of the Government of the Russian Federation on the Mass Media, bíonn Sungorkin ag plé le saincheisteanna a bhaineann le duaiseanna rialtais a bhronnadh. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ard-Stiúrthóir agus Eagarthóir Ceannais Komsomolskaya Pravda is ea Vladimir Sungorkin. Tá sé ar dhuine de na príomhghníomhaithe i ngníomhaíochtaí ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach nó de na bolscairí a labhraíonn amach faoin Úcráin go minic, ag cruthú mífhaisnéise agus ag ionramháil fíricí. Tá bolscaireacht fhoghach frith-Úcráine agus frith-Iarthair de chuid réimeas Putin faoi údarás díreach na Creimile á scaipeadh agus á dlisteanú ag Vladimir Sungorkin i gceann de na cuideachtaí meán is mó a bhfuil tóir orthu sa Rúis. Rinne Uachtarán Putin cur síos freisin ar an nuachtán Komsomolskaya Pravda mar an nuachtán is fearr leis. Tá Vladimir Sungorkin freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
900.	Oleg Borisovich DOBRODEEV (Олег Борисович ДОБРОДЕЕВ)	Dáta breithe: 28.10.1959 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Ard-Stiúrthóir an All-Russian State Television and Radio Broadcasting Company (VGTRK)	Is é Oleg Dobrodeev Ard-Stiúrthóir na heagraíochta meán is mó atá faoi úinéireacht an stáit sa Rúis. Ghlac sé páirt ghníomhach i mbolscaireacht na Creimile trí fhaisnéis cham a chruthu agus a scaipeadh ar mhaithe le ceannaireacht pholaitiúil Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Oleg Dobrodeev an tionscnóir agus príomhchruthaitheoir an chainéil teilifíse stáit Rossiya-24 agus úinéir an chainéil teilifíse Russia -1. Is iad na bealaí sin na príomhbhealóga de bholscaireacht an stáit, a chomhlíonann go héifeachtach an cúram réimeas Putin a neartú agus bolscaireacht a chur ar fáil dá bheartais fhoghacha intíre agus eachtracha, lena n-áirítear oibríochtaí míleata san Úcráin. Pléitear ar na cainéil seo todhchaí Úcráine a bheadh deighilte agus na ‘poblachtaí óga’, teipeanna na n-athchóirithe ar uachtaráin na hÚcráine, agus déantar beag de ghníomhaíochtaí uile údaráis na hÚcráine nó déantar iad a cháineadh.</p> <p>Glacann Oleg Dobrodeev páirt i gcruinnithe de Administration of the President of the Russian Federation, ag a dtugtar treoracha do cheannairí phríomhmheáin an Stáit.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	
901.	Farkhad AKHMEDOV	<p>Dáta breithe: 15.9.1955</p> <p>Áit bhreithe: Baku, Azerbaijan</p> <p>Feidhm: Duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil an fhuinnimh agus le polaitíocht áitiúil Rúiseach; bunaitheoir Tansley Trádála.</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is fear gnó Rúiseach é Farkhad Akhmedov a bhfuil baint aige le hearnáil an fhuinnimh agus le polaitíocht áitiúil na Rúise. Bhunaigh sé Tansley Trading, a chuir trealamh ar fáil do tháirgeoirí gáis Rúiseacha agus d’éirigh sé ina scairsealbhóir mionlaigh in Nortgas, cuideachta ola agus gáis sa tSibéir, agus ina Chathaoirleach de Bechtel Energy. Tá dlúthchaidreamh aige leis an gCreimil agus is duine de phríomhdaoine gnó é a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	8.4.2022
902.	Pavel Nikolayevitch GUSEV (Павел Николаевич Гусев)	<p>Dáta breithe: 4.4.1949</p> <p>Feidhm: Bolscaire, eagarthóir agus úinéir ‘Moskovskiy Komsomolets’</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Pavel Nikolayevitch Gusev ina cheann ar phríomhtháblóideach na Rúise, ‘Moskovskiy Komsomolets’, a thacaíonn le hinsint agus gníomhaíochtaí na Creimile a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p> <p>Tá dlúthcheangal aige le hAireacht Chosanta na Rúise agus is ábhar muiníne agus tacaíochta don Uachtarán Vladimir Putin é. Fuair sé boinn oinigh éagsúla agus tacaíocht oifigiúil i dtoghcháin 2018, rud a dhearbhaíonn go dtacaíonn sé go gníomhach le Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
903.	Elena Petrovna TIMCHENKO (ERMAKOVA (YERMAKOVA) a hainm báiste) Елена Петровна Тимченко (ЕРМАКОВА))	Feidhm: Comhuachtarán an Foundation Timchenko Náisiúntacht: Rúiseach, Fionlannach Duine aonair comhlachaithe: Gennady Timchenko (fear céile) Inscne: baineann	Is í Elena Timchenko bean chéile an bhilliúnaí Gennady Timchenko, a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Glacann sí páirt ina ghnóthaí poiblí tríd an Timchenko Foundation. Tá tairbhe á baint aici, dá bhrí sin, as Gennady Timchenko, duine atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a thabhairt do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus as tairbhe a bhaint as na cinnteoirí sin.	8.4.2022
904.	Maria Vladimirovna VORONTSOVA (PUTINA a hainm báiste) (ar a dtugtar freisin Mariya VORONTSOVA; Maria FAASSEN) (Мария Владимировна ВОРОНЦОВА)	Dáta breithe: 28.4.1985 Feidhm: Is comhúinéir 20 % í den chuideachta Nomenko a bhfuil baint aici leis an tionscadal infheistíochta príobháidí is mó sa Rúis i gcúram sláinte, agus meastar go bhfuil luach 40 billiún rúibil air Duine aonair comhlachaithe: An tUachtarán Vladimir Putin (athair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Maria Vladimirovna Vorontsova an iníon is sine le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Is comhúinéir í den chuideachta Nomenko a bhfuil baint aici leis an tionscadal infheistíochta príobháidí is mó sa Rúis i gcúram sláinte, agus meastar go bhfuil luach 40 billiún rúibil air Tá tairbhe á baint aici as Cónaidhm na Rúise agus tá sí bainteach le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022
905.	Anton Valerevich KUPRIN (Куприн Антон КУПРИН)	Feidhm: Captaen ar an bhfrigéad 'Admiral Essen' de chuid fhlít Mara Duibhe na Rúise Inscne: fireann	Is é Anton Valerevich Kuprin captaen 'Admiral Essen' de chuid fhlít Mara Duibhe na Rúise Tá an frigéad 'Admiral Essen' ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí cogaidh atá á ndéanamh ag an Rúis. Dá bhrí sin, tá Anton Valerevich Kuprin freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
906.	Olga AYZIMAN (Ольга АЙЗИМАН)	Dáta breithe: 26.10.1967 Áit bhreithe: Irkutsk, Russian Federation Duine aonair comhlachaithe: Mikhail Fridman (iarchéile) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Olga Ayziman iarchéile Mikhail Fridman, bunaitheoir agus ceann de na príomh-scairshealbhóirí an Alfa Group, lena n-áirítear an banc mór Rúiseach Alfa Banc, a mheastar gur maoinitheoir mór de chuid Chónaidhm na Rúise agus cumasóir dlúthchiorcal Putin é. Is é Mikhail Fridman is príomhurrathóir ar ghníomhaíochtaí agus riachtanais a iarchéile ó bhog sí go Páras. Is duine nádúrtha í a bhfuil baint aici le Mikhail Fridman, duine a thug tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus a bhain tairbhe as na cinnteoirí sin. Thairis sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
